

Fásra an Phortaigh

An Fraoch Mór



Dhéantaí potaí gliomaigh agus ábhar caoladóireachta eile as géaga righne an fhraoigh mhóir.

An Fraoch Cloigíneach



Bíonn blas an fhraoigh ar an mil a dhéanann beacha le neachtar an phlanda seo.

An Railleog



Úsáidtear duilleoga cumhra na railleoige chun an ruaig a chur ar mhioltóga beaga.

An Raithneach Ríúil



Tá an raithneach ríúil ar cheann de na raithní is mó in Éirinn.


An Drúchtín Móna



Is feoilsúiteoir é an drúchtín móna—beireann sé ar fheithidí lena dhuilleoga greamaitheacha.



Is gnáthóg uathúil é portach na hÉireann. Fásann cineál ar leith caonaigh, ar a dtugtar sfagnam, go maith sna coinníollacha fliucha seo. Feidhmíonn an sfagnam seo ar nós spúinse, ag sú uisce báistí agus ag scaoileadh leis an uisce arís go mall.



Bíonn saibhreas bithéagsúlachta le fáil ar an bportach mar nach mbíonn mórán daoine ann. Maireann plandaí agus ainmhithe sna coinníollacha aigéadacha seo nach bhfuil le fáil in aon áit eile.



Fásann feoilsúiteoirí ar an bportach. Faigheann na plandaí seo a gcuid cothaitheach ó fheithidí agus ainmhithe eile mar gheall go bhfuil créafóg an phortaigh chomh bocht.



Magairlín Beag an Fhéileacáin



Bíonn boladh cumhra ón magairlín seo san oíche chun leamhain a mhealladh chuige.

An Néalfartach



D'úsáid daoine an néalfartach chun cabhrú leo codladh maith a fháil.

Sciollam na Móna



Tugann sciollam na móna dath buí agus oráiste do thírdhreach an phortaigh sa samhradh.

An Ceannbhán



Is furasta an ceannbhán a aithint nuair a bhíonn na síolta clúmha bána ar an bplanda.